

Foirm Tuairisce Agallaimh

Ainm an Agallóra	Regina Fitzpatrick
Dáta an Agallaimh	27 th Aib 2011
Láthair	Halla Ronáin, Inis Mór
Ainm an Agallaí (Sloinne roimh phósadh / Leasainm)	Arthur Ó Flaithearta
<u>Achoimre Beathaisnéiseach an Agallaí</u>	
Inscne	Fir
Saolaithe	Bliain saolaithe: 1953 Contae Dúchais: Gaillimhe
Oideachas	Bunscoil: Scoil Ronáin, Inis Mór Meánscoil: Gairm Scoil Éinne, Inis Mór
Teaghlach	Deartháireacha/Deirfiúracha: 1 deartháir & 3 deirfiúracha Teaghlach faoi láthair má tá difríocht ann: Bean chéile, 2 iníonacha; 1 mac
Club(anna)	CLG Oileáin Árann [Gaillimhe]; Naomh Éinne CLG, Inis Mór [Gaillimhe]
Gairm Beatha	lascaire
Gairm Beatha do Thuismitheoirí nuair a bhí tú óg	N/A
Creideamh	N/A
Comhcheangal/Ballraíocht Polaitiúil	N/A
Ballraíocht(aí) i gClub/gCumann eile	N/A

UIMHIR THAGARTHA. GY/1/17

Ainm an Agalláí (Sloinne roimh phósadh / Leasainm)	Anthaine Ó Giolláin
<u>Achoimre Beathaisnéiseach an Agalláí</u>	
Inscne	Fir
Saolaithe	Bliain saolaithe: Contae Dúchais: Gaillimhe
Oideachas	Bunscoil: Fearann an Cjoire, Inis Mór Meánscoil: Gairm Scoil Éinne, Inis Mór
Teaghlach	Deartháireacha/Deirfiúracha: 6 Teaghlach faoi láthair má tá difríocht ann:
Club(anna)	CLG Oileáin Árann [Gaillimhe]
Gairm Beatha	lascaire
Gairm Beatha do Thuismitheoirí nuair a bhí tú óg	Cholaire Chontae (Ath); Bean an Tí (Má)
Creideamh	Caitliceach Rómhánach
Comhcheangal/Ballraíocht Polaitiúil	N/A
Ballraíocht(aí) i gClub/gCumann eile	N/A

UIMHIR THAGARTHA. GY/1/17

Ainm an Agalláí (Sloinne roimh phósadh / Leasainm)	Stiofáin Ó hIarnáin
<u>Achoimre Beathaisnéiseach an Agalláí</u>	
Inscne	Fir
Saolaithe	Bliain saolaithe: 1987 Contae Dúchais: Gaillimhe
Oideachas	Bunscoil: Fearann an Choire, Inis Mór Meánscoil: Gairm Scoil Éinne, Inis Mór Tríú Leibhéal: Printiseacht
Teaghlach	Deartháireacha/Deirfiúracha: 4 deartháireacha & 1 deirfiúr
Club(anna)	CLG Oileáin Árainn [Gaillimhe]
Gairm Beatha	N/A
Gairm Beatha do Thuismitheoirí nuair a bhí tú óg	N/A
Creideamh	N/A
Comhcheangal/Ballraíocht Polaitiúil	N/A
Ballraíocht(aí) i gClub/gCumann eile	N/A

UIMHIR THAGARTHA. GY/1/17

Dáta na Tuairisce	15ú Meitheamh 2012
Tréimhse Clúdaithe	1926 – 2011
Contaetha/Tíortha Clúdaithe	Gaillimh, Baile Átha Cliath, Meirceá
Bun-téamaí Clúdaithe	Taisteal, Tacaíocht, Áiseanna, Traenáil, Riarachán, Imirce, An CLG Thar Lear, Ról na Cléire, Ról na Múinteoirí, Ról na mBan, Ról an Chlub sa Phobal, Iomaíochtaí, An Ghaeilge, Craobh na hÉireann, Stair an Chlub, Aois an Pháiste, Tionchar ar Shaol, Dúnshláin
Achoimre an agallaimh	<p>Labhraíonn an triúr faoin saol agus faoin bpeil ar Inis Mór agus ar Oileáin Árainn go ginearálta. Pléann siad bunú agus meath Chlub Naomh Éinne a bhíodh ar Inis Mór agus an cinneadh dul leis an dá oileán eile Club Oileáin Árainn a bhunú. Pléann siad saol an oileáin go ginearálta. Cuireann siad béim ar an tionchar atá ag an oileán féin ar chúrsaí taistil, ar rath an chlub ó thaobh imreoirí de agus ar a bhfuil i ndán don chlub as seo amach.</p> <p>00.55 Labhraíonn Arthur faoi a bheith ag imirt peile agus é ina ghasúr le linn na seascaidí.</p> <p>01.55 Luann sé na meáncoileanna éagsúla a mbíodh sé de nós ag na hoileánaigh freastal orthu.</p> <p>02.35 Míníonn sé an chúis ar bunaíodh Club Naomh Éinne ar Inis Mór sa bhliain 1976. Luann sé iascaireacht agus farantóireacht. Luann sé Ger Pole. Luann sé Bord an Iarthair.</p> <p>03.50 Cuireann sé síos ar an mbealach a ndeachaigh siad go dtí cluichí. Luann sé báid iascaireachta. Luann sé an Cheathrú Rua.</p> <p>04.30 Pléann sé na deacrachtaí a bhíonn ag clubanna ar na hoileáin. Tugann sé a chúiseanna féin gur éirigh sé as club Naomh Éinne. Luann sé Inis Meáin.</p> <p>05.20 Labhraíonn sé faoi bhuanna an chlub. Deir sé go mbraitheann an club ar iascairí. Cuireann sé síos ar theacht le chéile na n-oileán chun aon chlub amháin, Oileáin Árainn, a bhunú. Luann sé Comórtas Peil na Gaeltachta 1980.</p> <p>07.00 Cuimhníonn se ar an bpeil ar Inis Mór sular bunaíodh Naomh Éinne. Déanann sé tagairt do dhúnadh na scoileanna náisiúnta ar an oileán ó na seachtóidí ar aghaidh. Luann sé Cill Éinne, Cill Rónáin, Fearainn Choirce agus Eoghanacht.</p> <p>09.00 Insíonn sé faoi a scéalta a chloiseadh sé óna uncail. Is cuimhin leis a bheith ag éisteacht leis an raidió. Luann sé an club rugaí Corinthians i nGaillimh.</p> <p>10.20 Labhraíonn faoi chluichí eile ar Inis Mór. Luann sé liathróid láimhe, ball ard, cruicéad agus sacar. Déanann sé cur síos ar chluichí a imirt ar na bóithre. Luann sé capaillín is trap. Luann sé an club sacair, C.S. MacDara ar an gCeathrú Rua.</p> <p>12.10 Luann sé an iománaíocht agus an chúis nár imríodh í ar an oileán. Luann sé Pádraig Ó hEithir. Luann sé CLG Liam Mellows. Luann sé an club rugaí Galwegians.</p> <p>13.35 Is cuimhin leis a bheith ag traenáil le Naomh Éinne le</p>

	<p>linn na seachtóidí. Luann sé tiomsú airgid.</p> <p>14.25 Labhraíonn sé faoi dhaoine ag teacht ón mórthír le himirt peile ar na hoileáin.</p> <p>15.15 Déanann sé trácht ar na páirceanna imeartha ar na hoileáin. Luann sé Páirc na Gréine. Luann sé an t-aerstráice.</p> <p>17.15 Labhraíonn sé faoin mbliain 1980, an bhliain ba rathúla a bhí ag Naomh Éinne ariamh. Luann sé Mícheál Ó Tiarnáin (Mikey Phat Michaelín). Luann sé Comórtas Peil na Gaeltachta agus Sraith an Iarthair. Luann sé CLG Naomh Gabriel Cill Chonaill, CLG Mícheál Breathnach agus CLG Cárna (Cárna-Caiseal). Luann sé Uachtar Ard.</p> <p>19.45 Déanann sé plé ar theacht le chéile Inis Mór, Inis Meáin agus Inis Oirr leis an gclub Oileáin Árainn a bhunú sa bhliain 1995. Cuireann sé béim ar thábhacht na bhfoirne faoi-aois. Luann sé CLG Nua-Eabhrac.</p> <p>21.45 Cuireann sé síos ar an teannas a bhí idir muintir na n-oileán éagsúla nuair a cuireadh tús le CLG Oileáin Árainn ar dtús. Luann sé Comórtas Peil na Gaeltachta. Luann sé Ros Muc. Luann sé curach.</p> <p>25.40 Labhraíonn sé faoi chúrsaí riarachán agus airgeadais sa chlub.</p> <p>27.10 Labhraíonn Antoine faoi na cuimhní is luaithe atá aige ar an gCumann Lúthchleas Gael. Is cuimhin leis a bheith ag imirt le Naomh Éinne sular cuireadh deireadh leis. Luann sé CLG Mícheál Breathnach agus CLG Ceathrú Rua. Luann sé sacar.</p> <p>29.50 Féachann sé ar na rudaí a tharla a raibh CLG Oileáin Árainn mar thoradh leo. Labhraíonn sé faoi mheon na ndaoine sa chlub sna blianta tosaigh. Luann sé Seán Glynn. Luann sé CLG Cinn Mhara, Leitir Mór, CLG Bearna agus CLG Naomh Gabriel Cill Chonaill. Luann sé an tSraith B sa pheil agus an tSraith Sóisear B sa pheil 2003.</p> <p>33.20 Labhraíonn sé faoi thábhacht chóras na n-óg sa chlub ón mbliain 1999 ar aghaidh. Deir sé gur bunaíodh foireann sóisear eile sa chlub sa bhliain 2004. Molann sé tiomantas na n-imreoirí. Luann sé Caoimhín Breathnach (Kevin Walsh).</p> <p>39.30 Cuireann Stiofán béim ar thábhacht na peile don aos óg ar Inis Mór.</p> <p>40.40 Pléann sé an páirt a ghlac sé féin sa chlub Oileáin Árainn. Is cuimhin leis imirt peile agus é ar bhunscoil – bhíodh sé de nós cluichí a bheith ann idir an trí scoil. Luann sé Cill Rónáin, Fearainn na Circe agus Eoghanacht.</p> <p>42.45 Labhraíonn Arthur faoi na múinteoirí, faoin gcléir agus faoi na gardaí ar Inish Mór agus ar an tionchar a bhí acu ar chúrsaí peile. Cuireann sé síos ar dhul chun cinn i gcúrsaí traenála agus sna háiseanna. Luann sé John Bridge, Jimmy Toomey, Ger Pole agus Seán Glynn.</p> <p>46.45 Pléann sé na buntaistí atá le baint amach ag daoine óga ó bheith páirteach sa ChLG.</p> <p>47.40 Labhraíonn an triúr faoi na hiomaíochtaí a bhí agus atá ann idir Naomh Éinne/Oileáin Árainn agus clubanna eile. Luaitear CLG Ceathrú Rua, CLG Cinn Mhara, CLG Spidéal. Luaitear Paddy O'Brien, Peter O'Brien, Bertie Ó Flatharta agus 'The Weatherman'.</p> <p>52.20 Miníonn Stiofán agus Antoine go bhfuil deacrachtaí ag</p>
--	--

	<p>baint le cúrsaí taistil, le fad an tséasúir agus le heagrú na gcluichí. Luaitear Comórtas Peil na Gaeltachta, an tSraith Náisiúnta agus an Craobhchomórtas Sóisear. Luaitear CLG Naomh Gabriel Cill Chonaill agus CLG Spidéal. Luaitear Páirc Ros Muc.</p> <p>58.50 Luann Arthur go bhfuil feabhas tar éis teacht ar na fadhbann sin le déanaí. Luann sé Coiste Chontae na Gaillimhe agus Bord an Iarthair. Luann sé farantóireacht. Luann sé CLG Bearna. Luann sé Páirc an Phiarsaigh. Luann sé Leisureland.</p> <p>1.00.47 Labhraíonn Antoine faoi na seisiúin traenála ar an mórhír. Luann sé Ros a' Mhíl.</p> <p>1.02.10 Tugann Arthur eolas ar an taisteal atá le déanamh ag imreoirí le bheith i láthair ag seisiúin traenála. Luann sé Báid Doolin. Luann sé Naomh Mhuire agus an Rinn Mhór.</p> <p>1.03.25 Pléann Antoine lucht tacaíochta an chlub.</p> <p>1.04.22 Pléann Arthur an costas a bhaineann le dul go dtí cluichí. Luann sé Cahir Strand agus An Fhairche.</p> <p>1.05.19 Déanann Arthur agus Antoine tagairt do bhaill an chlub a imríonn don chontae chomh maith. Cuirtear béim ar an mbrú breise a thagann mar thoradh leis seo. Luaitear Caoimhín Seoige. Luaitear Baile Chláir. Luaitear eitleán.</p> <p>1.07.30 Insíonn Arthur agus Antoine faoi dhul chun foireann na Gaillimhe a fheiscint.. Luaitear Páirc an Phiarsaigh agus Páirc an Chrócaigh. Luaitear Tony Buckley, Michael Raftery, Enda Kenny, Seán Óg de Paor agus Seán Ó Dónaill. Luaitear CLG Ceathrú Rua. Luaitear bád.</p> <p>1.10.15 Is cuimhin le hAntoine Corn Sam Maguire a fheiscint sa bhliain 2001. Déanann sé tagairt do Chraobh Sinsear na hÉireann sa pheil.</p> <p>1.11.29 Labhraíonn Antoine agus Stiofán faoi bhuanna deireanacha an chlub. Luaitear Leitir Mór agus Baile Chláir. Luaitear Páirc Ros a' Mhíl. Luaitear Sraith Sóisear C, Comórtas Peil na Gaeltachta agus Craobh an Chontae.</p> <p>1.14.45 Cuireann Stiofán síos ar dhíomá phearsanta a bhaineann le bua ar leith.</p> <p>1.15.30 Tugann Antoine le fios gur club beag é Oileáin Árann i gcomparáid le clubanna eile</p> <p>1.16.05 Labhraíonn Arthur faoi stair agus faoi thábhacht Chomórtas Peil na Gaeltachta. Luann sé Gaoth Dobhair, Na Dúnaibh, Inis Meáin, Ceathrú Rua agus An Spidéal. Luann sé Craobh Náisiúnta Sóisear B sa pheil.</p> <p>1.17.50 Labhraíonn Antoine faoi Chomórtas Peil na Gaeltachta. Luann sé Naomh Mhuire. Luann sé Gleann Cholmcille, Béal Átha'a Ghaorthaidh agus Ros Muc. Luann sé Craobh Sinsear na hÉireann sa Pheil 2001.</p> <p>1.21.00 Pléann Arthur an eisimirce ón gceantar. Luann sé Inis Meáin, Bostún agus San Francisco.</p> <p>1.21.45 Déanann Arthur plé ar chúrsaí pheil na mban sa cheantar. Luann sé Comórtas na n-Oileán 7-ar-an-taobh. Luann sé Síle Seoige.</p> <p>1.23.05 Míníonn Stiofán ról na Gaeilge sa chlub. Luann sé CLG Ceathrú Rua agus CLG Mícheál Breathnach.</p> <p>1.23.44 Pléann Arthur stádas na Gaeilge sa tír go ginearálta. Luann sé an Ghalltacht. Luann sé TG4. Luann sé Cárna.</p>
--	--

UIMHIR THAGARTHA. GY/1/17

	<p>1.25.40 Míníonn Arthur an fáth nach nglacann an club páirt i Scór. 1.26.10 Pléann an triúr Tedfest (Father Ted). Luaitear sacar. 1.26.40 Labhraíonn Arthur agus Antoine an faitíor roimh a bhfuil i ndán don chlub. Luaitear iascaireacht. 1.29.44 Déanann an triúr comhrá ar dhaonra an oileáin. 1.31.00 Labhraíonn Arthur faoin meath atá tagtha ar dhaonra Inis Mheáin le déanaí.</p>
<p>Baint leis an CLG</p>	<p>Arthur:</p> <p>✓ Tacaí ✓ Imreoir ✓ Bainisteoir ✓ Traenálaí <input type="checkbox"/> Maor ✓ Cathaoirleach ✓ Comhalta Coiste ✓ Cothabháil Páirceanna Imeartha <input type="checkbox"/> Lónadóir ✓ Niteoir Geansaithe <input type="checkbox"/> Réiteoir <input type="checkbox"/> Baint ar bith <input type="checkbox"/> Baint eile (sonraí le do thoil):</p> <hr/> <p>Anthaine:</p> <p>✓ Tacaí ✓ Imreoir <input type="checkbox"/> Bainisteoir ✓ Traenálaí <input type="checkbox"/> Maor <input type="checkbox"/> Cathaoirleach <input type="checkbox"/> Comhalta Coiste <input type="checkbox"/> Cothabháil Páirceanna Imeartha <input type="checkbox"/> Lónadóir <input type="checkbox"/> Niteoir Geansaithe <input type="checkbox"/> Réiteoir <input type="checkbox"/> Baint ar bith <input type="checkbox"/> Baint eile (sonraí le do thoil):</p> <hr/> <p>Stiofáin:</p> <p>✓ Tacaí ✓ Imreoir <input type="checkbox"/> Bainisteoir <input type="checkbox"/> Traenálaí <input type="checkbox"/> Maor <input type="checkbox"/> Cathaoirleach <input type="checkbox"/> Comhalta Coiste <input type="checkbox"/> Cothabháil Páirceanna Imeartha <input type="checkbox"/> Lónadóir <input type="checkbox"/> Niteoir Geansaithe <input type="checkbox"/> Réiteoir <input type="checkbox"/> Baint ar bith <input type="checkbox"/> Baint eile (sonraí le do thoil):</p> <hr/>
<p>Do Thafead mar Imreoir (Teidil bhuaite; Fad caite ag imirt)</p>	<p>Arthur: D'imir sé ar feadh 9 mbliana Anthaine: Caipiteain – Sóisear C, 2010; Sóisearch A, B & C; Craobh Contae na Gaillimhe C; Comórtas Peile na Gaeltachta Aitiúil 2007, 08, 09. Comórtas Peile na Gaeltachta Náisiúnta 2009. Stiofáin: Craobh Contae Sóisear A faoi 12 blian.</p>
<p>Taifead mar Riarthóir (Post a bhí agat; ar feadh cén fhad)</p>	<p>Arthur: Cathaoirleach (9 mbliana); Comhalta Coiste (30 bliain); Bainisteoir (20 bliain). Anthaine: N/A Stiofáin: N/A</p>

UIMHIR THAGARTHA. GY/1/17

Formáid (Úsáid oifige amháin)	<input checked="" type="checkbox"/> Clostaifeadadh <input type="checkbox"/> Taifeadadh Closamhairc
Fad (Úsáid oifige amháin)	Fad an agallaimh: 1.32.09
Teanga	An Ghaeilge

Le líonadh ag an Agallóir:

Leis seo, sannaim cóipcheart an ábhair thuas go Tionscadal Stair Bhéil an CLG, agus an tuiscint ann nach mbainfear úsáid as an ábhar i slí maslach. Tuigim go bhfuilim ag tabhairt an chirt do Thionscadal Stair Bhéil an CLG úsáid a bhaint as ábhar an agallaimh seo agus é a chur ar fáil don phobal.

Sínithe: Regina Fitzpatrick

Dáta: 19 Meitheamh 2012

Tabhair aird le do thoil: Má tá tú 18 bliain d'aois nó níos óige, caithfidh do thuismitheoir/chaomhnóir é seo a shíniú. Mura ndéantar amhlaidh, ní bheifear in ann an agallamh seo a chur san áireamh sa Chartlann